2025/93

16.1.2025

CINNEADH (AE) 2025/93 ÓN gCOMHAIRLE

an 10 Eanáir 2025

maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa nós imeachta i scríbhinn ag na Rannpháirtithe sa Socrú maidir le Creidmheasanna Onnmhairiúcháin arna dTacú go hOifigiúil a mhéid a bhaineann le cinneadh a ghlacadh i ndáil le leasuithe ar an Socrú sin

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 207(4), an chéad fhomhír, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Maidir leis na treoirlínte atá sa Socrú maidir leis na Creidmheasanna Onnmhairiúcháin arna dTacú go hOifigiúil ('an Socrú') a forbraíodh faoi chuimsiú na hEagraíochta um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (ECFE), rinneadh iad a thrasuí agus dá bhrí sin, rinneadh ceangailteach ó thaobh dlí san Aontas iad de bhun Rialachán (AE) Uimh. 1233/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]).

(2) Faoi láthair, cuirtear toirmeasc le hAirteagal 6 den Socrú ar aon chreidmheas onnmhairiúcháin nó ar aon tacaíocht cabhrach ceangailte a sholáthar do ghléasra giniúna leictreachais gualbhreoslaithe nach bhfuil gabháil ná stóráil éifeachtach carbóin ag baint leis, ach amháin i gcás ina n-úsáidtear an creidmheas onnmhairiúcháin nó an tacaíocht cabhrach ceangailte chun trealamh a sholáthar chun truailliú a laghdú, rud nach gcuireann síneadh le saolré úsáideach an ghléasra sin.

(3) I gcomhréir le hAirteagal 6 den Socrú, bhí na Rannpháirtithe sa Socrú ('na Rannpháirtithe') le hathbhreithniú a dhéanamh air faoin 31 Nollaig 2022 d'fhonn a théarmaí agus a choinníollacha a neartú a thuilleadh chun rannchuidiú leis an sprioc chomhchoiteann aghaidh a thabhairt ar an athrú aeráide.

(4) Sna Conclúidí uaithi an 15 Márta 2022, d'fhógair an Chomhairle go bhfuil sé ar intinn ag na Ballstáit a spriocdhátaí eolaíochtbhunaithe féin a chinneadh ina mbeartais náisiúnta faoi dheireadh 2023 chun deireadh a chur le creidmheasanna onnmhairiúcháin arna dtacú go hoifigiúil do thionscadail san earnáil fuinnimh breosla iontaise, cé is moite de chúinsí teoranta a shaineofar go soiléir agus atá comhsheasmhach le teorainn téimh 1,5 °C agus le spriocanna Chomhaontú Pháras a glacadh faoi Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide ([2]).

(5) Chomhaontaigh na Rannpháirtithe cinneadh a ghlacadh i nós imeachta i scríbhinn lena dtugtar isteach airteagal nua amháin agus lena leasaítear Airteagal 6. Leis an gcinneadh atá beartaithe, cheanglófaí ar Rúnaíocht ECFE tuarascáil phoiblí a ullmhú gach bliain maidir le hidirbhearta in earnáil an fhuinnimh.

(6) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais maidir leis an gcinneadh ó na Rannpháirtithe i ndáil le leasuithe ar an Socrú a bhunú, ós rud é go mbeidh an cinneadh sin ina cheangal ar an Aontas agus go mbeidh sé in ann tionchar cinntitheach a imirt ar inneachar dhlí an Aontais, de bhua Airteagal 2 de Rialachán (AE) Uimh. 1233/2011.

(7) Dá bhrí sin, ba cheart gurb é seasamh an Aontais tacú leis an gcinneadh i ndáil leis na leasuithe ar an Socrú bunaithe ar an dréacht-téacs atá i gceangal leis an gCinneadh seo,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Is é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa nós imeachta i scríbhinn ag Rannpháirtithe an tSocraithe maidir leis na Creidmheasanna Onnmhairiúcháin arna dTacú go hOifigiúil ('an Socrú') a mhéid a bhaineann le cinneadh a ghlacadh maidir le leasuithe ar an Socrú, tacú leis an gcinneadh sin bunaithe ar an dréacht-téacs atá i gceangal leis an gCinneadh ([3]) seo.

([1]) Rialachán (AE) Uimh. 1233/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Samhain 2011 maidir le treoirlínte áirithe a chur i bhfeidhm i réimse na gcreidmheasanna onnmhairiúcháin arna dtacú go hoifigiúil agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2001/76/CE ón gComhairle agus Cinneadh 2001/77/CE ón gComhairle (IO L 326, 8.12.2011, lch. 45, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2011/1233/oj).
([2]) IO L 282, 19.10.2016, lch. 4.
([3]) Féach doiciméid ST 16807/24 ADD 1 ar http://register.consilium.europa.eu.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 10 Eanáir 2025.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
A. SZŁAPKA